



Preasráiteas

Lucsamburg, 12 Nollaig 2022

Measann na iniúcháirí go bhfuil todhchaí dúshlánach i ndán don Aontas i ndál le comhar trasteorann le tíortha comharsanacha

In ainneoin laigí áirithe, thug cláir trasteorann le tíortha comharsanacha tacaíocht, a bhí ábhartha agus luachmhar den chuid is mó, do na réigiúin ar an dá thaobh de theorainneacha seachtracha an Aontais, a deir tuarascáil a d'fhoilsigh Cúirt Iniúcháirí na hEorpa inniu. Beidh tionchar suntasach ag comhthéacs geopholaitiúil reatha le hionradh na Rúise ar an Úcráin, áfach, ar leath de na cláir atá beartaithe do na blianta amach anseo, de réir rabhaidh ó na hiniúcháirí.

Is gné lárnach de Bheartas Comharsanachta an Aontais, a chlúdaíonn 16 thír ar feadh teorainn sheachtrach an Aontais, é an comhar trasteorann. Go dtí le déanaí, bhí sé fós ar cheann den chorr-réimse den idirphlé leanúnach leis an Rúis. Do thréimhse 2014-2020, cuireadh 15 chlár comhpháirteacha ar bun le ranníocaíocht iomlán de bheagnach €1 billiún ón Aontas. Ba cheart go rachadh siad chun tairbhe na mBallstáit agus na dtíortha a bhfuil teorainn talún nó muirí díreach acu leo.

Fuair na hiniúcháirí amach gur shainaithin cláir an Aontais tosaíochtaí agus gur roghnaigh siad cuspóirí – ó oidhreacht chultúrtha go coireacht eagraithe a chomhrac – a bhí i gcomhréir le riachtanais agus le dúshlán na réigiún teorann. Ar an mórchoir, bhí an próiseas roghnúcháin a bhí i bhfeidhm trédhearcach agus deartha ar shlí go roghnófaí na tionscadail ab oiriúnaí. Ina theannta sin, molann na hiniúcháirí an fíoras gur forbraíodh cláir ar bhealach rannpháirteach go ginearálta, rud a bhí úsáideach chun úinéireacht áitiúil na gclár a chothú. Ní raibh comhlántacht le cláir cistithe Eorpacha eile leordhóthanach, áfach, agus d'fhéadfaí deiseanna sineirgíochta a chailleadh mar thoradh air sin.

In ainneoin gníomhaíochtaí ullmhúcháin, bhí moilleanna suntasacha ar sheoladh chláir 2014-2020 agus níorbh fhéidir tús a chur leo go dtí an cúigiú nó séú bhliain den tréimhse airgeadais. Bhí na tionscadail faoi iniúcháireacht ar an mbealach ceart chun a gcuid aschur beartaithe a bhaint amach, ach bhí gnéithe trasteorann níos laige ag cuid acu. Baineann creat dlíthiúil 2021-2027 leas as na ceachtanna a foghlaimíodh. Tugann sé isteach athruithe a dhéanann bainistíocht na gclár nua a shimpliú agus tá an fhéidearthacht ann chun tús a chur leo ar bhealach níos réidhe. Tá rioscaí breise ag baint leis na hathruithe seo, áfach, a chuireann béim ar an tábhacht a bhaineann le dlúthfhaireachán a dhéanamh.

Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na Tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

“Tá tacaíocht ábhartha agus luachmhar curtha ar fáil ag cláir trasteorann chun comhar críochach thar teorainneacha seachtracha an Aontais a fheabhsú” a dúirt Bettina Jakobsen, an Comhalta den Chúirt atá freagrach as an iniúchadh seo. “Cuireann ionradh na Rúise ar an Úcráin roinnt de na torthaí atá bainte amach go dtí seo i mbaol, áfach.”

Go deimhin, mar chuid de fhreagairt níos leithne ar an ionradh, chuir an Coimisiún comhaontuithe maoiniúcháin ar fionraí do chlár leis an Rúis agus an Bealarúis agus rinne sé bearta chun cistiú a ath-leithdháileadh chun tacú le dídeanaithe ón Úcráin. Caitheann an ionradh amhras láidir freisin ar 9 de na 17 gclár nua a raibh sé beartaithe go mbeadh an Rúis agus an Bealarúis a páirteach iontu i dtréimhse 2021-2027. Seasann na naoi gclár seo do bheagnach aon triain den leithdháileadh cistiúcháin iomlán atá beartaithe. Ag an am céanna, sa deisceart, tá líon na dtionscadal comhpháirteach idir Iosrael agus na cúig thír Arabacha atá rannpháirteach i gclár maidir le hImchuach na Meánmhara fós íseal, fiú más féidir a mheas gur rath ann féin é an fíoras gurb ann do na tionscadail comhpháirteacha sin, a deir na hiniúcháirí.

Faisnéis chúlra

Is iad seo a leanas na 15 chlár CTT do thréimhse maoinithe 2014-2020: ‘Imchuach na Meánmhara’, ‘An Iodáil-an Túinéis’, ‘Imchuach na Mara Duibhe’ ‘An Pholainn-an Bhealarúis-an Úcráin’, ‘An Eastóin-an Rúis’, ‘An Laitvia-an Rúis’, ‘An Liotuáin-an Rúis’, ‘An Laitvia-an Liotuáin-an Bhealarúis’, ‘An Ungáir-an tSlóvaic-an Rómáin-an Úcráin’, ‘An Rómáin-an Úcráin’, ‘An Rómáin-Poblacht na Moldóive’, ‘an Chairéil’, ‘Kolarctic’ agus ‘Oirdheisceart na Fionlainne-an Rúis’. Bhí trí chuspóir straitéiseacha ag na cláir seo:

- forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a chur chun cinn sna réigiúin ar an dáthaobh de chomhtheorainneacha;
- aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhchoiteannai réimse an chomhshaoil, i réimse na sláinte poiblí, i réimse na sábháilteachta agus i réimse na slándála;
- coinníollacha agus módúlachtaí níos fearr a chur chun cinn chun soghluaisteacht daoine, earraí agus chaipitil a áirithiú.

Tá Tuarascáil speisialta 27/2022, *“tacaíocht AE do chomhar trasteorann le tíortha comharsanacha – Tacaíocht luachmhar, ach bhí cur chun feidhme an-mhall ag tosú agus ní foláir aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sa chomhordú”*, ar fáil ar shuíomh gréasáin CIE (eca.europa.eu).

Teagmháil don phreas

Preasoifig CIE: press@eca.europa.eu

- Vincent Bourgeois: vincent.bourgeois@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 551 502
- Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 621 552 224
- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 553 547